| **RABHADH**<br>**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.** | **Scrúduimhir an Iarrthóra**<br>☞ |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2012

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2012 – MAIDIN 9.30 – 12.00

# ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna as an obair, as an leagan amach agus as an gcur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas i gcúrsaí Eacnamaíochta. Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **OTN** | |
| **AE** | |
| **PIT (nó IPT)** | |

**2.** Liostaigh sampla **amháin** de chostas seasta agus sampla **amháin** de chostas athraitheach maidir le costais iompair bhóthair do ghnó:

| | |
|---|---|
| **Costas Seasta** | Sampla: |
| **Costas Athraitheach** | Sampla: |

**3.** Líon na **trí** bhosca bhána atá uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an sliocht thíos as Clár Comhardaithe a chomhlánú:

| **Sliocht as Clár Comhardaithe ar 31-12-2011** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| | € | € | € |
| Trealamh | 51,000 | 8,000 | **(i)** |
| Foirgnimh | **(ii)** | 12,800 | 196,000 |
| | **(iii)** | 20,800 | 239,000 |

**4.** Liostaigh **dhá** thríú páirtí ar féidir leo cabhrú le fuascailt aighneas tionsclaíoch:

(i) ____________________

(ii) ____________________

**5.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag comhlacht:

**Brabús Comhlán €150,000** **Díolacháin €600,000**

Ríomhtar an Mharcáil Suas faoin gCéad mar leanas: $\frac{\text{Brabús Comhlán}}{\text{Costas Díolachán}} \times \frac{100}{1}$

Ag baint úsáide as na figiúirí thuas, ríomh an Mharcáil Suas faoin gCéad.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| % |

| Obair: |
|---|
| |

**6.** Mínigh **dhá** riosca a bhaineann le féinfhostaíocht:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**7.** Ar 5 Meitheamh 2012, cheannaigh C. Ó Broin veain seachadta le seic ar €24,800. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar an veain seachadta seo.

Comhlánaigh **cuntais mhórleabhair C**. **Uí Broin** anseo thíos agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2012<br>5 Meitheamh | **(ii)** | 24,800 | | | |

**(iii) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2012<br>5 Meitheamh | **(iv)** | 24,800 |

**8.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh Cuntas Rialacháin na gCreidiúnaithe ar 31 Bealtaine 2012 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na gCreidiúnaithe ar 1 Bealtaine 2012 | 9,100 |
| Ceannacháin chreidmheasa iomlána i mí na Bealtaine | 20,000 |
| Airgead tirim iomlán a íocadh le creidiúnaithe i mí na Bealtaine | 5,400 |

| Dr | | Cuntas Rialacháin na gCreidiúnaithe | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| Cuntas Rialacháin na gCreidiúnaithe | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**9.** Mínigh an prionsabal 'Leas Inárachais' maidir le ceannach árachais.

**10.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha ba cheart na míreanna seo a leanas a bhreacadh ar 31/12/2011:

| | **Cuntas Trádála** | **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|---|
| Scairchaipiteal Eisithe | | | |
| Stoc (31/12/2011) | | | |
| Dleachtanna Iompórtála | | | |

**11.** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil stocáireamh riachtanach i ngnó ar bith.

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**12.** Breac na h-iarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Uí Sheoighe Tta atá páirt-chomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2012 | Rótharraingt Bhainc | €6,100 |
| | Féichiúnaithe | €21,000 |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | €520,800 |

| **Ó Seoighe Tta – Leabhar Cúnta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | 505,900 | |
| | Rótharraingt Bhainc | $LA_1$ | | |
| | Féichiúnaithe | $LF_1$ | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, fiachais agus Scairchaipiteal Uí Sheoighe Tta ar an dáta seo.* | | | |

**13.** Tá árachas tí Mhairéad Ní Fhionnalaigh dlite. Tá a comhlacht árachais tar éis luachan de €12 ar gach €10,000 don teach agus €20 ar gach €5,000 don inneachar a thabhairt di.

Beartaíonn sí a teach a chur faoi árachas €180,000 agus an t-inneachar faoi árachas €90,000.

Ríomh an phréimh árachais a bheidh le híoc ag Mairéad.
Taispeáin do chuid oibre.

| Obair: |
|---|
| |

| **Freagra**: |
|---|
| € |

**14.** Líon isteach sna spásanna cheart thíos, ainm an tarraingeora, ainm an tarraingí agus ainm an íocaí atá páirteach sa bheart seo a leanas:

Tá cuntas reatha ag Seán Ó Dúláin i mbanc BAÉ i gCill Airne, agus ar 31 Bealtaine 2012, d'íoc sé seic €200 le hAindí Ó hIarla.

| | |
|---|---|
| **TARRAINGEOIR** | |
| **TARRAINGÍ** | |
| **ÍOCAÍ** | |

**15.** Mínigh **dhá** chúis a bhfógródh gnólacht earraí agus seirbhísí.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**16.** Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre in 2011:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Allmhairí Sofheicthe** | **€825 milliún** | **Allmhairí Dofheicthe** | **€525 milliún** |
| **Onnmhairí Dofheicthe** | **€600 milliún** | **Onnmhairí Sofheicthe** | **€800 milliún** |

Agus tú ag baint úsáide as na sonraí thuas, ríomh Comhardú na Trádála.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| **€____________ milliún** |

| Obair: |
|---|
| |

**17.** Breac an beart seo a leanas i Leabhar Díolachán Líomóid Tta:

Ar 9 Meitheamh 2012, dhíol Líomóid Tta earraí ar €5,000 le Lile Tta (Sonrasc Uimh. 5).
Ba é an ráta CBL ar na hearraí seo ná 23%.

| **Líomóid Tta – Leabhar Díolachán** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimhir Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**18.** Roghnaigh an doiciméad ceart ón liosta seo a leanas chun gach ceann de na **trí** bhosca bhána sa tábla thíos a chomhlánú:

| | | |
|---|---|---|
| **Nóta Creidmheasa** | **Admháil** | **Luachan** |

| **Seolann Ceannaitheoir** | **Seolann Díoltóir** |
|---|---|
| **1.** Litir Fhiosraithe | **2.** |
| **3.** Ordú | **4.** Sonrasc |
| **5.** Aischuir | **6.** |
| | **7.** Ráiteas |
| **8.** Seic | **9.** |

**19.** I **gColún 1** tá liosta de Chineálacha Gnólachta. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na Cineálacha Gnólachta sin.

(*Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na Cineálacha Gnólachta*.)

| **Cineálacha Gnólachta** | **Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Úinéireacht Stáit | **A.** Bíonn vóta amháin ag gach ball |
| **2.** Cuideachta Phríobháideach Theoranta | **B.** Bíonn an Rialtas ina scairshealbhóir |
| **3.** Trádálaí Aonair | **C.** Bíonn na litreacha **Tta** i ndiaidh a ainm |
| | **D.** Bíonn dliteanas neamhtheoranta ag an úinéir |

Meaitseáil an dá liosta trí litir an ráitis atá ceart a chur faoin uimhir ábhartha thíos:

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**20.** Comhlánaigh an Cuntas Leithghabhála, Brabúis agus Caillteanais tríd an **dá** bhosca bhána atá uimhrithe **(i)** and **(ii)** a líonadh isteach ón eolas seo a leanas:

| **Cuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais do na blianta 2010-2011** | | |
|---|---|---|
| | **2010** | **2011** |
| Iarmhéid an Chúlchiste Tosaigh | **20,000** | **(i)** |
| Móide Aistriú Bliantúil go dtí an Cúlchiste | **5,000** | **8,000** |
| Iarmhéid an Chúlchiste Deiridh | **25,000** | **(ii)** |

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (A)**

| TEAGHLACH UÍ AIRT | AN CHÉAD BHUISÉAD | | | | AN BUISÉAD LEASAITHE | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | IÚIL | LÚN. | M. F. | IOMLÁN | IÚIL | LÚN. | M. F. | IOMLÁN |
| IONCAM PLEANÁILTE | € | € | € | € | € | € | € | € |
| An tUas. Ó hAirt | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 9,000 | | | | |
| Bean Uí Airt | | | | | | | | |
| Sochar Leanaí | 374 | 374 | 374 | 1,122 | | | | |
| Eile | | | | | | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 3,374 | 3,374 | 3,374 | 10,122 | | | | |
| CAITEACHAS PLEANÁILTE | | | | | | | | |
| *Seasta* | | | | | | | | |
| Morgáiste | 900 | 900 | 900 | 2,700 | | | | |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 450 | 450 | 450 | 1,350 | | | | |
| Árachas | 85 | 85 | 85 | 255 | | | | |
| Fo-iomlán | 1,435 | 1,435 | 1,435 | 4,305 | | | | |
| *Neamhrialta* | | | | | | | | |
| Costais Teaghlaigh | 900 | 900 | 900 | 2,700 | | | | |
| Costais Ghluaisteáin | 150 | 150 | 150 | 450 | | | | |
| Costais Solais agus Teasa | 215 | | 180 | 395 | | | | |
| Costais Teileafóin | 40 | 50 | 100 | 190 | | | | |
| Fo-iomlán | 1,305 | 1,100 | 1,330 | 3,735 | | | | |
| *Roghnach* | | | | | | | | |
| Costais Siamsaíochta | 400 | 400 | 400 | 1,200 | | | | |
| Bronntanais | 310 | | 240 | 550 | | | | |
| Saoire | | | | | | | | |
| Fo-iomlán | 710 | 400 | 640 | 1,750 | | | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 3,450 | 2,935 | 3,405 | 9,790 | | | | |
| Airgead Tirim Glan | (76) | 439 | (31) | 332 | | | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | 200 | 124 | 563 | 200 | | | | |
| Airgead Tirim Deiridh | 124 | 563 | 532 | 532 | | | | |

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (B)

| | | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|
| (i) | Mínigh an téarma 'Caiteachas Seasta'. | | |
| | **Míniú**: | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (ii) | Sa Chéad Bhuiséad, ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas pleanáilte. | | |
| | **Freagra**: | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (iii) | Sa Chéad Bhuiséad, cé mhéad a raibh súil ag Teaghlach Uí Airt lena choigilt sna trí mhí? | | |
| | **Freagra**: **€** | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (iv) | An buiséad maith é an Buiséad Leasaithe? | IS EA | | *(Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil.)* | | |
| | | NÍ hEA | | | | |
| | Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. | | | | | |
| | **Cúis 1**: | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | **Cúis 2**: | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 5 (A)** (i)

# Banc-Aontas Éireann

**FOIRM IARRATAIS LE hAGHAIDH CUNTAS REATHA**

| **SONRAÍ PEARSANTA** | | | |
|---|---|---|---|
| Sloinne | | Uasal, Bean Uí, Iníon | |
| Céadainm | | Fireann/Baineann | |
| Seoladh Baile | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta Breithe | | *Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil* ➡ | Pósta | |
| Contae inar rugadh thú | | | Singil | |

| **SONRAÍ FOSTAÍOCHTA/ IONCAIM** | |
|---|---|
| Slí Bheatha roimhe seo | |
| Ainm agus seoladh d'fhostóra roimhe seo | |
| | |
| Ollphá in aghaidh na míosa | |
| Fad ama i d'fhostaíocht roimhe seo | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An íocfar d'ioncam isteach i do chuntas bainc? | ÍOCFAR | | *(Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil.)* |
| | NÍ ÍOCFAR | | |

| **SONRAÍ TEAGMHÁLA** | |
|---|---|
| Uimhir Theileafóin Bhaile | |
| Uimhir Fón Póca | |
| Seoladh r-phoist | |

Oscail Cuntas Reatha i m'ainm, le do thoil.
Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a tugadh thuas cruinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| SÍNIÚ | | DÁTA | |

# NÁ DÉAN DEARMAD AR AN ROINN SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR

Leathanach Bán